CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (CBES) 2022/2086 ÓN gCOMHAIRLE

an 27 Deireadh Fómhair 2022

lena gcuirtear chun feidhme Cinneadh 2011/72/CBES a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe i gcoinne daoine agus eintitis áirithe i bhfianaise na staide sa Túinéis

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 31(2) de,

Ag féachaint do Cinneadh 2011/72/CBES ón gComhairle an 31 Eanáir 2011 a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe i gcoinne daoine agus eintitis áirithe i bhfianaise na staide sa Túinéis ([1]), agus go háirithe Airteagal 2(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 31 Eanáir 2011, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2011/72/CBES.

(2) Ar bhonn athbhreithniú a rinne an Chomhairle, ba cheart na hiontrálacha a bhaineann le seachtar a scriosadh mar aon leis an bhfaisnéis a bhaineann lena gcearta chun cosanta agus lena gcearta chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2011/72/CBES a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2011/72/CBES mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 27 Deireadh Fómhair 2022.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
M. BEK

([1]) IO L 28, 2.2.2011, lch. 62.

IARSCRÍBHINN

I ranna A agus B den Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (AE) 2011/72/CBES scriostar na hiontrálacha do na daoine seo a leanas:

"4. Mohamed Ben Moncef Ben Mohamed TRABELSI",

"36. Kaïs Ben Slaheddine Ben Haj Hamda BEN ALI",

"37. Hamda Ben Slaheddine Ben Haj Hamda BEN ALI",

"38. Najmeddine Ben Slaheddine Ben Haj Hamda BEN ALI",

"39. Najet Bent Slaheddine Ben Haj Hamda BEN ALI",

"43. Imed Ben Habib Ben Bouali LTAIEF",

"44. Naoufel Ben Habib Ben Bouali LTAIEF".